Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**11752/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0218(NLE)**

**AELE 65**
**FL 33**
**ISL 43**
**N 69**
**MI 766**
**ENER 510**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE |

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**
**Uimh. …/…**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) De bhun Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE[2], tá maolú ag an Íoslainn ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], arb é bunús dlí Rialachán (AE) 2017/459 é. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2017/459 maidir leis an Íoslainn.

(3) Déantar foráil in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2017/459 nach bhfuil feidhm le bheith ag an Rialachán sin maidir le pointí idirnaisc idir na Ballstáit fad agus a bheidh maolú ag ceann de na Ballstáit sin ar bhonn Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. I gcomhréir le Treoir 2009/73/CE, de réir mar atá sí ionchorpraithe i gcomhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE, tá feidhm le bheith ag maolú den sórt sin maidir le Lichtinstéin. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2017/459 maidir le Lichtinstéin.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchuir gáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 984/2013 (IO L 72, 17.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/459/oj).

[2] Cinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE an 5 Bealtaine 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2019/205] (IO L 36, 7.2.2019, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/205/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/715/oj).

[4] Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/73/oj).

(4) Níl aon líonra tarchuir gáis nádúrtha san Iorua faoi réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 715/2009. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/459 a ionchorprú i gComhaontú LEE agus a thrasuí sa dlí náisiúnta, ach ba cheart a chur i bhfeidhm a chur ar fionraí go dtí go mbeidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun san Iorua. Nuair a bheidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun, ba cheart don Iorua fógra a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE dá réir.

(5) Ós rud é gur glacadh Rialachán (AE) 2017/459 ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, na téacsanna oiriúnúcháin arna mionsaothrú agus arna nglacadh faoi Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE, lena n-ionchorpraítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 i gComhaontú LEE, tá siad ábhartha i leith chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/459.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 55 (Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'56. **32017 R 0459**: Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchuir gáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 984/2013 (IO L 72, 17.3.2017, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Féadfaidh an Iorua cur chun feidhme an Rialacháin a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear tús le hoibriú líonra tarchuir gáis ina críoch. Tabharfaidh an Iorua fógra d'Údarás Faireacháin CSTE nuair a bheidh líonra tarchuir gáis ar bun.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Íoslainn ná le Lichtinstéin.'.

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE a ghabhann le *hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an …, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[*].

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus i bhForlíonadh LEE a ghabhann léi.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

---

[*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]